

Word Work (12)

Ar Fud, Gá

Homework for next time: As is the custom, create a couple of sentences of your own, for each word, that closely follow the models given.

AR FUD

If you listen to RnaG at all, you have heard them sing, *Raidió na Gaeltachta, ar fud na tíre!* The word *fud* does not occur alone, it always follows *ar*.

Ar fud usually translates "throughout", and you can think of it as a compound preposition that must be followed by the genitive. It can also be "among", and in that sense, you get phrases like *ar a bhfud*, "among them."

Tá an t-*arbhar* scaipthe *ar fud* an ghoirt ag stoirm na hoíche aréir.

Bíonn daoine glíce *ar fud* Mhinnesota, buíochas le Dia.

'Ar chuala tú go bhfuil Seán Mór le pósadh?' 'Níor chuala mé.'

'Is ait sin agus an scéala *ar fud* an pharóiste le seachtain.'

'Nach bhféadfá do chuid leabhar a choimeád go cruinn le chéile gan iad a bheith *ar fud* an tí?'

Is maith le páistí císte a mbíonn cuiríní *ar a fhud*.

An gaineamh a mbíonn cré *ar a fhud* caitear (caithfear) é a ní agus má bhíonn mionchlocha nó gairbhéal *ar a fhud* caitear (caithfear) é a chriathrú.

Tá lán laidhre de phinginí agam, ach ní fheicim aon phíosá geal *ar a bhfud*.

'Ceannaigh na prátaí sin agus ní bheidh tú ina chathú. Tá siad mór maith.' 'Tá siad, ach feicim cinn dhubha *ar a bhfud*.'

Additional usage notes:

- ◆ *ar fud a chéile* = "confused, all mixed up". If you are really lost, you could go so far as to be *ar fud fad trína chéile*.

GÁ

You most commonly see *gá* in the phrase *Ní gá do . . .*, meaning "It isn't necessary", as in *Ní gá dhuit é sin a dhéanamh*, "You don't have to do that." By itself it means a "need or requirement," but you mostly find it with the copula, so expect to see forms like *níor ghá* in the past/conditional.

Aon rud nach féidir duit do ghnó a dhéanamh ina éagmais is *gá* é. Má bhíonn uait scríobh is *gá* peann. Má bhíonn uait léamh istoíche is *gá* solas.

An té a bhíonn ar a aimhleas, bíonn *gá* aige le comhairle a leasa, nó bíonn sé i *ngá* chomhairle a leasa.

Cad ba *ghá* duit é a bhualadh nuair nach ndearna sé aon rud a thuill é?

Ní thuigfeá cad ba *ghá* dó uisce a chur ar na bláthanna agus é ag fearthainn aréir.

Cad ba *ghá* teach chomh mór leis sin a thógáil?

Cad is *gá* duit labhairt chomh hard nuair nach bhfuil an fear bodhar?

Ní *gá* dhuit labhairt chomh hard sin.

Cad is *gá* soilse a bheith ar lasadh agus an ghrian ag taitneamh?

Tá an t-*arbhar* i *ngá* é a bhaint -- tá sé sáraibí.

Tá an rothar i *ngá* é a ghlanadh.

Táim i *ngá* hata nua, nó tá *gá* agam le hata nua.

'Beidh lá saoire agaibh amárach agus ní *gá* a rá gurb áthas libh sin,' arsa an máistir.

Má deir an múinteoir 'Tá cead agaibh dul abhaile anois,' ní *gá* dó é sin a rá faoi dhó.

An té a mbíonn an radharc go maith aige ní *gá* dó spéaclaí.

'An lasfaidh mé solas duit?' 'Ní *gá* liom é, go raibh maith agat.'

Additional usage notes:

- ◆ The negative form is the most common usage, *Is gá* doesn't pop up nearly as often, I think.
- ◆ *Ní gá imeacht* = it isn't necessary to leave: can be used without a subject
- ◆ *Ní gá dhom, dhuit, dhó*, etc: -- I/you/he must, it is necessary for (me, etc.) to
- ◆ *Ní gá a rá (go/nach) . . .* = needless to say; *Níor ghá dhuit ach . . .* = all you had to do (was . . .)
- ◆ *Má tá gá leis* = if it necessary; *Más gá (é)* = if necessary, if need be; *nuair is gá* = when necessary